

An Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige

Cuireadh tús le Clár Litríochta agus Drámaíochta Phléaráca 2011/12 sna scoileanna i Meán Fómhair seo caite. Cuireann an Clár ceardlanna litríochta agus drámaíochta ar fáil i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Chonamara. Sí aidhm an chlár na an óige a spreagadh agus suim a mhúscailt i litríocht agus i ndrámáíocht na Gaeilge, agus tá sé tábhachtach go mbainfidh siad taitneamh as chomh maith. Tá an Clár ar siúl le hocht mbliana agus é maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta.

Cé go bhfuil laghdú mór ar an maoiniú a bhíodh ar fáil chun an Clár a reachtáil tá sé an-leathan i gcónaí. San áireamh ann tá: An Ciorcal Scríbhneoireachta, Drámaíocht sna Bunscoileanna, Léitheoireacht sna Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, Scríbhneoireacht Chruthaitheach sna Bunscoileanna, Féile Leabhar Bricíní agus an Fhéile Litríochta Fuint Focal. Bhí an Féile Bricíní ar siúl ag tús Mí na Nollag i Seanscoil Sailearna. Deireadh seachtaine díolachán leabhair Ghaeilge a bhíonn ann le himeachtaí agus taispeántais do pháistí óga agus do dhéagóirí. I measc na n-imeachtaí ar an gclár bhí cur i láthair ó Cholmán Ó Raghallaigh, ceardlann Déan do Leabhar Féin le Gwyneth Uí Ghaora, Taispeántas Gliondar, Léitheoireacht le Beartla Broc agus Patricia Forde, cur i láthair ar Shaol agus Shaothar Mháirtín Uí Dhireáin agus Seó leis an Sorcas Beag.

Is in Inis Meáin a d'eagraigh Pléaráca an Féile Litríochta Fuint Focal i Márta. Thaisteal scoláirí ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin thar sáile agus d'fhreastal scoláirí ó Choláiste Naomh Eoin agus Coláiste Ghobnaite ar an bhféile chomh maith. Is í Róisín Ní Ghairbhí a sheol an fhéile agus rinne sí sár-jab. Bhí ceardlanna ar siúl ar an Satharn agus i measc na ndaoine a thug ceardlanna bhí Jackie MacDonncha, Darach Mac Con Iomaire, Uinseann Mac Dubhghaill, Dara Ó Conaola agus Deirdre Ní Chinnéide. Ar an Domhnach bhí cuairt eagraithe go Teach Synge, áit a ndearna an Dr. Mairéad Ní Chonghaile cur síos dóibh ar John M. Synge, an t-am a chaith sé ar an oileán agus sa teach atá ainmnithe ina dhiaidh. Bhí sé seo an-tráthúil mar bhí dán leis ar an gcúrsa Ardteistiméireachta i mbliana.

Bhí na háisitheoirí Jackie MacDonncha agus Máire Homes ag tabhairt ceardlanna i cheithre mheánscoil faoin gCiorcal Scríbhneoireachta. Is iad na scoileanna a bhí páirteach ná Coláiste Eoin Inis Meáin, Scoil Phobail Charna, Coláiste Cholmcille agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Bhain cuid de na scoláirí a ghlac páirt duaiseanna amach i gcomórtais liteartha an Údaráis agus comórtais an Oireachtais. I mí Aibreáin d'fhoilsigh Pléaráca *Dornáin*, an ceathrú cnuasach filíochta agus gearrscéalta ón gCiorcal. Is í Ailbhe Ní Ghearbhuigh a sheol an cnuasach sa Leabharlann ar an gCeathrú Rua.

Bhí naoi scoil páirteach i mbliana sa Drámaíocht sna Bunscoileanna. Siad Rosaleen Ní Shúilleabháin, Máirín Mhic Lochlainn agus Áine Uí Almhain a bhí i mbun na gceardlann. I mbliana dhírigh muid ar scéalta áitiúla agus seanchas a dhéanamh leis na páistí. Bhí Máire Holmes agus Bridget Bhreathnach i mbun Scríbhneoireacht Chruthaitheach sna Bunscoileanna. Tá an-suim sna ceardlanna seo le roinnt blianta agus tá an t-éileamh ag meadú gach bliain. Bhí an dá bhunscoil in Inis Mór, Scoil Ronáin agus Scoil Eoin Pól páirteach i Léitheoireacht Bheartla Broc i mbliana. B'é seo an chéad uair ag Beartla Broc a dhul thar sáile agus d'éirigh an-mhaith leis. Bhí Máire Holmes i mbun Club Léitheoireachta le grúpa i Scoil Chuimsitheach Chiaráin chomh maith. Sí an aidhm atá leis an gclub seo ná daoine óga a spreagadh chun leabhair Ghaeilge a léamh agus aithne a chur ar scríbhneoirí móra na Gaeilge agus a gcuid saothar.

Ba mhaith le Pléaráca buíochas a ghlacadh leis na scoileanna agus na h-áisitheoirí a bhíonn páirteach in imeachtaí an Chláir. Beidh Pléaráca ag cur tús le himeachtaí an Chláir Litríochta agus Drámaíochta sna Scoileanna i nDeireadh Fómhair arís.

